

Treoirlínte Dheontas d'Eagraíochtaí Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2027

Tráthchlár:

- 12pm an 17 Samhain 2026 an spriocdháta le haghaidh ceisteanna
- An dáta deiridh d'iarratais: 12pm an 19 Samhain 2026
- Táthar ag súil le toradh an phróisis iarratais go luath san earrach 2027.
- Baineann deontais a cheadaítear faoi scéim na nDeontas d'Eagraíochtaí Ealaíon le beartaíocht a dhéantar i rith na bliana 2027.
- Maidir le hiarratasóirí a n-éiríonn leo, ní mór an fhaisnéis airgeadais ar fad, gach tuairisc, íomhá agus cruthúnas ar admháil, Foirm B (Tuairisc) agus an t-ábhar meastóireachta maidir le ciste 2027 a chur faoi bhráid taobh istigh d'aon mhí amháin ó chuirtear an clár oibre i gcrích nó faoin 30 Meán Fómhair 2027 ar a dheireanaí ach amháin i ndáil le féilte atá le bheith ar siúl i ndiaidh an dáta sin.

An Próiseas Iarratais:

- Déan iarratas ar líne ar Submit
- Molann Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe do gach iarratasóir na treoirlínte seo a léamh ina n-iomláine agus tagairt a dhéanamh do *Threoracha Nua: Plean Straitéiseach Chomhairle Cathach na Gaillimhe do na hEalaíona 2021-2026*.

- Ba chóir d'iarratasóirí a n-ainm úsáideora agus a bpasfhocal a shábháil chomh luath is a thosaíonn siad ar an bpróiseas iarratais.
- Rochtain: Má theastaíonn cúnamh uait le d'iarratas nó má bhíonn deacracht agat rochtain a fháil ar ár seirbhísí ar líne, déan teagmháil linn trí ríomhphost a sheoladh chuig arts@galwaycity.ie

Forléargas ar Dheontas d'Eagraíochtaí Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe:

I gcomhréir leis an Acht Ealaíon 2003, tá iarratais ar chistíocht á lorg ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le tionscadail agus cláir sa chathair atá ag teacht leis na cuspóirí seo a leanas:

- Suim an phobail sna healaíona a spreagadh,
- Eolas, tuiscint agus cleachtadh ar na healaíona a chur chun cinn, nó
- Feabhas a chur, ó thaobh caighdeáin, ar chúrsaí ealaíne i réimse feidhme na Comhairle.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tugtha do bhonn daingean a choinneáil faoi réimeas ealaíon atá inmharthanach, bríomhar agus iléagsúil i gCathair na Gaillimhe. Tá Deontas d'Eagraíochtaí Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe roinnte in dhá shnáithe:

1) An Snáithe Gairmiúil

2) An Snáithe Pobail, Deonach agus Amaitéarach.

Tugtar cúnamh le Deontais Ealaíon maidir le bearta trína dtugtar cuspóirí i gcrích atá ag teacht lena bhfuil leagtha amach ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe

in "Treoracha Nua: Plean Straitéiseach Chomhairle Cathach na Gaillimhe do na hEalaíona 2021-2026.

Ní mór d'iarratasóirí ar an Snáithe Pobail, Dheonach agus Amaitéarach cloí leis

an gCód Cleachtais um Dhea-Rialachas Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanachta in Éirinn.

Príomhthosaíochtaí maidir le Deontas d'Eagraíochtaí Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe:

- Ag tacú le gníomhaíocht ealaíon laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Tionscadail, imeachtaí nó gníomhaíochtaí den scoth a chur ar fáil i réimsí na n-ealaíon.
- Cláir a leagan amach a threisíonn le deiseanna agus le rannpháirtíocht i réimsí na n-ealaíon.
- Caighdeáin rialachais, monatóireachta, breithmheasa agus bainistíochta ar shárleibhéal i réimsí na n-ealaíon.
- Éagsúlacht Chathair na Gaillimhe a léiriú.
- Úsáid agus feiceálacht na Gaeilge a fheabhsú.
- Tacú le heagraíochtaí atá ag féachaint le bheith níos éadroime ó thaobh carbóin agus tionchair dhiúltacha eile.

Cé atá incháilithe do Dheontas d'Eagraíochtaí Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe?

- Eagraíochtaí Ealaíon neamhbhrabúis lena n-áirítear cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta (CLG), cuideachtaí gníomhaíochta ainmnithe (DAC) agus comhpháirtíochtaí.
- Eagraíochtaí Ealaíon le dea-chleachtais rialachais.
- Eagraíochtaí Ealaíon atá lonnaithe i gCathair na Gaillimhe.
- Eagraíochtaí Ealaíon a bhíonn ag obair le foirmeacha ealaíne cruthaitheacha éagsúla.
- Eagraíochtaí Ealaíon a bhíonn i mbun oibre le lucht spéise éagsúil.
- Eagraíochtaí Ealaíon a léiríonn dúthracht maidir le dínit agus meas i mbun saothrú na healaíne.
- Eagraíochtaí Ealaíon Gairmiúla a bhfuil fostaí amháin ar a laghad acu atá ag fáil tuarastal.

Mar is féidir an cistiú a chur ag obair:

- Cláir agus gníomhaíochtaí ardaidhmeannacha ealaíon atá ar ardchaighdeán.
- Barrchostais/costais riaracháin atá oiriúnach agus i gcomhréir leis an obair a bheartaítear, costas pleanála agus ullmhúcháin san áireamh.
- **Tabhair ar aird:** Ní bheidh Eagraíochtaí Ealaíon a fhaigheann cistíocht straitéiseach ón gComhairle Ealaíon incháilithe maidir le príomhchostais den sórt seo.
- **Costais Rochtana maidir le Míchumas Pearsanta:** Féadfaidh iarratasóirí costais a áireamh a thacaíonn le rannpháirtíocht ealaíontóirí, comhoibritheoirí, pearsanra léirithe nó príomhbhaill foirne riaracháin atá faoi mhíchumas i bhforbairt agus i gcur i gcrích a dtogra. D'fhéadfadh siad seo a leanas a bheith le háireamh mar chostais incháilithe -

ateangaireacht TCÉ, oibrithe tacaíochta rochtana, am breise cleachtaidh nó stiúideo, iompar inrochtana, nó cóiríocht réasúnta eile is gá chun bacainní ar rannpháirtíocht a bhaint, ach níl siad teoranta dóibh sin.

I gcás ina n-iarrtar Costais Rochtana maidir le Míchumas Pearsanta, ní mór d'iarratasóirí doiciméad ar leith a chur ar aghaidh ina leagtar amach cineál na dtacaíochtaí agus na costais ghaolmhara.

Úsáid neamh-incháilithe an Mhaoinithe:

- Obair eagraíochtaí ealaíon lasmuigh de Limistéar Riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Gnólacht nó eagraíocht nó cuideachta atá á rith go príobháideach ar mhaithe le brabús.
- Ní thacaíonn an Snáithe Gairmiúil le heagraíochtaí a bhfuil a bpríomhfheidhm lasmuigh de réimse na n-ealaíon. (D'fhéadfadh na heagraíochtaí seo a bheith incháilithe do dheiseanna maoinithe eile trí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.)
- Ealaíontóirí/cruthaitheoirí aonair. (Féadfaidh ealaíontóirí aonair iarratas a dhéanamh ar Sparánacht Chleachtóirí Cruthaitheacha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.)
- Eagraíochtaí a fuair maoiniú roimhe seo agus nár aithin tacaíochtaí maoinithe ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, nó nár chomhlíon an caighdeán riachtanach tuairiscithe agus ábhar airgeadais a chur isteach.
- Iarratasóir a theipeann air iarratas iomlán a chur isteach nó nár áirigh tagairtí do *Treoracha Nua: Plean Straitéiseach do na hEalaíona 2021-2026*.
- Caiteachas caipitil e.g., sócmhainní inláimhsithe mar shampla talamh nó maoin a cheannach, a chothabháil nó a fheabhsú, trealamh nó crua-earraí ríomhaireachta a cheannach nó a uasghrádú
- Príomhchostais atá maoinithe go poiblí cheana féin, e.g. ag an gComhairle Ealaíon nó ag gníomhaireacht/seirbhís eile.
- Príomhchostais amhail forchostais leanúnacha nó costais riaracháin i gcás nach bhfuil aon bhaint acu leis na gníomhaíochtaí atá leagtha amach san iarratas.
- Deoch meisciúil - deoch meisciúil san áireamh a dhéantar a riar le linn ócáidí seolta nó eile.
- Gníomhaíochtaí nó costas nach dtagann le cuspóir an deontais.
- Tograí nach bhfuil cuspóir ealaíonta, cultúir ná cruthaitheach leo.
- Gníomhaíochtaí acadúla nach cuid den fhorbairt ar chleachtadh ealaíon ar bhonn gairmiúil.

- Duaiseanna, deontais tríú páirtí, iasachtaí, fiacha, nó imeachtaí le hairgead a bhailiú do charthanas, lena n-áirítear raifil. Ní féidir iarratas a dhéanamh i leith gníomhaíochtaí lena mbaineann cearrbhachas.

Airgead Poiblí:

Meabhraítear don iarratasóir gur gá aird ar chúrsaí soiléire, rialachais, luach an airgid agus cothroime, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nuair is airgead poiblí atá á chaitheamh. Is féidir eolas breise a fháil anseo. Sa chás go bhfaigheann iarratasóir deontas ó ghníomhaireacht/eagraíocht eile arna maoiniú go poiblí, tá ceangailte ar an deontaí, mar choinníoll ag gabháil leis an gcistíocht, dearbhú a thabhairt nach dtarlóidh aon dúbailt cistíochta maidir leis an ngníomhaíocht/tionscadal céanna. Ní mór taifid airgeadais a sheoltar ar ais chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe a bheith ina dtaifid chríochnúla agus d'fhéadfaí iniúchóireacht a dhéanamh orthu.

Sláinte agus Sábháilteacht: Ní foláir gach iarratas a bheith ag teacht leis na Rialacháin atá i bhfeidhm maidir le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta:

Cén t-ábhar taca is gá a chur le hiarratas?

- Fianaise ar aon chúnamh eile airgid atá á fháil nó a bhfuiltear ag tnúth lena fháil ó fhoinsí poiblí eile.
- Fianaise ar Árachas e.g. Teastas árachais a léiríonn gníomhaíocht na heagraíochta ar cuireadh an deontas seo i bhfeidhm ina leith chomh maith leis na tairseacha iomchuí:
    - Árachas Dliteanais Phoiblí Íosmhéid €6.5m.
    - Árachas Dliteanais Fostóra: Íosmhéid €13m (más infheidhme).
    - Gheobhaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe slánaíocht ar árachas agus ar chruthúnas a sholáthraítear laistigh den tréimhse ama a bhaineann leis an gclár deontais.
- Ní mór d'Eagraíochtaí Ealaíon a fhaigheann maoiniú trí Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe cloí go hiomlán leis na dlíthe uile is infheidhme maidir lena n-eagraíocht, lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) an méid seo a leanas:
    - Reachtaíocht chánach – íocaíocht cánacha agus comhlíonadh dlíthe cánach
    - An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 – uaireanta oibre agus teidlíochtaí saoire/sosa bliantúla

- Rialacháin Pinsean na hÉireann – soláthar rochtana ar PRSA
- An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta – íocaíocht foirne
- Acht na gCuideachtaí – comhdú tuairisceán, reáchtáil CGBanna srl.
- 'Polasaí na nEalaíontóirí a Íoc' na Comhairle Ealaíon a leanúint.

- Má éiríonn an méid iomlán sna híocaíochtaí níos airde ná an tairseach €10,000 taobh istigh de thréimhse 12 mhí, ní fhéadfar íocaíochtaí a dhéanamh go dtí go gcuirfear Deimhniú Imréitigh Cánach ar aghaidh chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Má tá i gceist le togra go mbeifí ag obair le leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 bl. d'aois, ní mór polasaí agus gnáis oibre na heagraíochta maidir le cosaint leanaí a chur ar fáil. Féach www.tusla.ie maidir le heolas breise
- Sa chás go mbeadh sé i gceist le togra go mbeifí ag obair le daoine fásta soghonta, ní mór a dhearbhú go gcloítear leis an bPolasaí Náisiúnta agus an Nós Imeachta Náisiúnta maidir le Daoine Soghonta a Chosaint a bheadh i mbaol drochíde. Le fáil anseo.
- Sa chás go mbeadh sé i gceist le togra go mbeifí ag obair le hainmhithe, ní mór cóip a chur ar fáil de Pholasaithe agus de Ghnáis na hEagraíochta maidir le Leas Ainmhithe a Chumhdach.
- Tugtar cuireadh duit fianaise a chur ar fáil go ndeachthas faoi oiliúint Sábháilte i mbun Cruthaitheachta má tá an cúrsa sin críochnaithe.

Ní féidir le measúnóirí ach na hábhair sna naisc URL a chuireann tú ar fáil a athbhreithniú. Seiceáil go n-oibríonn aon naisc a chuireann tú isteach agus go dtugann siad an té a bheidh ag breathnú air chuig an bhfoinse cheart. Déan cinnte go bhfuil ceadanna féachana d'ábhair socraithe ar "Poiblí". Ní dhéanfar ábhar tacaíochta atá socraithe ar "Príobháideach" a mheas mar chuid de d'iarratas.

Treoirlínte breise:

- Dícháileofar aon iarratasóir a dhéanfaidh canbhasáil.
- Ná glac leis go bhfuil eolas ag an bpainéal measúnóireachta ort ná ar obair na heagraíochta.
- Coinnítear i gcuimhne gur bunaithe ar an eolas ar fad a chuirtear ar fáil a dhéantar iarratas a mheas agus sin ar bhonn iomaíochta.
- Cuirtear clár/tráthchlár don tionscadal ar fáil.
- Bí cinnte go bhfuil an cháipéisíocht ar fad a éilítear isteach leis an iarratas.

- Ní foláir gach cuid den ábhar taca a bhaineann le hábhar a chur faoi bhráid in éineacht leis an iarratas ó tharla nach féidir glacadh le haon iarratas a bheidh déanach ná le hábhar atá fós ina dhréacht.
- Tá teorainn leis na cistí agus is próiseas iomaíochta atá i gceist. Ní éireoidh, dá réir sin, le gach iarratasóir agus d'fhéadfadh gur suim níos ísle ná an tsuim a iarraidh a thairgeofar do na hiarratasóirí dá gceadaítear deontas. Ní dhéanfar cistí a cheadú mura sásaítear na critéir atá leagtha síos ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis an iarratas. Tugtar chun aire go gcoimeádtar de cheart ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe an luach dámhachtana a leasú faoi réir na mbuiséad atá ar fáil nó choinníollacha na tairisceana.
- **Nuair a chuireann tú d'iarratas isteach, gheobhaidh tú ríomhphost admhála uathoibrithe ón ardán Submit. Is ortsa atá an fhreagracht teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon ag arts@galwaycity.ie mura bhfaigheann tú dearbhú maidir le hiarratas a chur isteach.**
- Moltar duit d'iarratas a uaslódáil 48 uair an chloig ar a laghad roimh an spriocdháta fógartha. Ar an mbealach sin, má bhíonn fadhb theicniúil agat, beidh am agat teagmháil a dhéanamh linn agus cúnamh a fháil chun an cheist a réiteach.
- An 17 Samhain 2026 an spriocdháta le haghaidh cúnaimh/fiosruithe. I gcás iarratais a fhaightear tar éis an ama sin, ní féidir linn a chinntiú go réiteofar do chuid fadhbanna teicniúla mar gheall ar an líon mór iarratasóirí a úsáideann an córas ar líne.

Measúnú ar iarratais ar Dheontas d'Eagraíochtaí Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe:

Ní mór d'iarratas ar Dheontas d'Eagraíochtaí Ealaíon 2027 a bheith curtha isteach ar líne tráth nach déanaí ná **12pm Déardaoin an 19 Samhain 2026**. Ní ghlacfar le hiarratais a bheidh mall agus/nó neamhiomlán.

Measúnú agus Measúnóireacht:

- Cuirfear iarratais ar léir nach bhfuil siad ag teacht leis na critéir incháilitheachta as an áireamh.
- Déanann painéal measúnóireachta na hiarratais go léir a bhreithniú.
- Aontófar ar mholtaí ag gnáthchruinniú de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe go luath in 2027.
- Faoi réir ag cistí a bheith ar fáil a dhéantar gach Deontas d'Eagraíochtaí Ealaíon a thairiscint.

Déantar measúnú, scóráil agus ualú i ndáil leis na hiarratais de réir na gcritéar measúnóireachta seo a leanas.

A	Caighdeán Ealaíne agus Acmhainn Eagrúcháin	40%
B	Teacht le "Treoracha Nua" agus príomhchuspóirí a thabhairt i gcrích. Comhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsiú	30%
C	Rannpháirtíocht, Lucht Féachana & Gníomhaíochtaí Ealaíon a Chur chun cinn	30%

A. Caighdeán Ealaíne agus Acmhainn Eagrúcháin – 40%

- Ardaidhm agus téagar na smaointeoireachta.
- Dul i bhfeidhm na healaíne.
- Oiread na nuálaíochta agus a mhéid a théitear i bhfiontar, roghnú ealaíontóirí san áireamh.
- Deiseanna d'ealaíontóirí agus/nó do lucht gairme i réimse na healaíne saothrú a gcuid ealaíne a fhorbairt agus/nó saothar ardchaighdeáin a chruthú nó a bheith páirteach i saothar ardchaighdeáin.
- Dícheall an iarratasóra maidir le hacmhainn gairmiúlachta na hearnála a neartú.
- An teist atá ar shaothar na heagraíochta.
- Fianaise maidir le forás agus forbairt leanúnach na healaíontóireachta.
- Dea-ghnáis rialachais agus sárchaighdeán bainistíochta i réimse na n-ealaíon.
- An cur chuige maidir le pá cóir agus coinníollacha cothroma a chinntiú d'ealaíontóirí.

B. "Treoracha Nua" – 30%

Chomh maith agus a nascann d'iarratas leis na luachanna, na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha amach i "Treoracha Nua: Plean Straitéiseach do na hEalaíona 2021-2026" atá le fáil anseo. Tugtar san áireamh a fheabhas a thagann an togra le cuspóirí príomhthábhachta de leithéid:

- Sárshaothar, sárimeachtaí agus sársheirbhísí ealaíne a chur ar fáil dóibh siúd a bhféadfadh bacainní breise a bheith á gcur rompu maidir le páirt a ghlacadh i gcúrsaí ealaíon.
- Cláir a leagan amach a threisíonn le deiseanna agus le rannpháirtíocht i réimsí na n-ealaíon.
- Comhionannas, Iléagsúlacht agus Lánpháirtíocht - an aidhm maidir leis an obair atá beartaithe daoine agus dreamanna a dtéann imeallú i bhfeidhm orthu a thabhairt san áireamh. An

Chomhairle Ealaíon: Beartais agus Nósanna Imeachta i ndáil le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú: ArtsCouncil.ie/Arts-in-Ireland/Equality,-Diversity-and-Inclusion

- An Ghaeilge - Ealaín trí Ghaeilge a chur chun cinn, treisiú le húsáid na Gaeilge, saothar Gaeilge atá ar fáil nó saothar nua Gaeilge a choimisiúnú agus a chur i láthair, feiceálacht na Gaeilge mar theanga labhartha ar fud cineálacha éagsúla ealaíne.
- Aird ar Chúrsaí Timpeallachta – Na modhanna ina gcuidíonn sibhse, mar eagraíochtaí ealaíon, le hiarrachtaí a bheith níos éadroime ó thaobh carbóin agus cur isteach ar an timpeallacht.

C. Rannpháirtíocht, Lucht Féachana & Gníomhaíochtaí Ealaíon a Chur chun cinn – 30%

I gcomhthéacs iarratais ar chistíocht a mheas, tagann feabhas an chaidrimh a bhíonn ag an eagraíocht le daoine agus le dreamanna a n-oibrítear leo i gceist le téarmaí maidir le rannpháirtíocht, spéis, caidreamh etc. Déanfar iarratas a mheas bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- An teist atá ar obair na heagraíochta i ndáil le rannpháirtíocht etc. cheana.
- Na bearta atá pleanáilte agus na torthaí inmheasta maidir le rannpháirtíocht etc. a thabhairt i gcrích.
- An dóigh ina gcuirtear saothar ar fáil do dhreamanna imeallaithe, i gcomharsanachtaí imeallaithe agus i gceantair imeallaithe ar fud na cathrach.
- An plean margaíochta atá beartaithe.
- An caidreamh a chothaítear le daoine atá ina gcónaí i gCathair na Gaillimhe nó anseo ar cuairt.
- A fheabhas a théitear i bhfeidhm ar an lucht féachana.

Liosta seiceála maidir le hábhar an iarratais

1	Foirm iarratais atá líonta isteach go hiomlán le tagairt go sonrach do “Treoracha Nua: Plean Straitéiseach do na hEalaíona 21-26”	
2	Cáipéisíocht taca, lena n-áirítear ábhar grianghrafadóireachta, nasc le físeáin más cuí. Bíonn gá le litreacha tacaíochta sa chás go luaitear comhar páirtnéireachta, dreamanna pobail nó bearta tacaíochta eile.	
3	Teastas Árachais	
4	Polasaithe cosanta ábhartha agus tú ag obair le rannpháirtithe e.g.: Cosaint Leanaí, Daoine Fásta Leochaileacha, Leas Ainmhithe	
5	Faisnéis Airgeadais	
6	Cóip de Theastas Imréitigh Cánach atá bailí más cuí.	

Coinníollacha a ghabhaidh le deontas a cheadaítear

- Is chun na críche amháin a luaitear san iarratas is féidir an chistíocht a thairiscint a úsáid.
- Is le haghaidh gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl in 2027 an maoiniú faoin deontas seo.

- Bronnfar an maoiniú ina dhá leith: 50% ar an gcomhaontú deontais (a eisítear leis an litir tairisceana) a shíniú agus 50% tar éis an tuarascáil dheireanach faoin tionscadal a chur faoi bhráid.
- Sa chás go ndéantar imeacht nó tionscadal a athrú, a chur ar athló nó a chur ar ceal, ní mór sin a chur in iúl d'Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe láithreach.
- Ní mór an fhaisnéis airgeadais ar fad, gach tuairisc, íomhá agus cruthúnas ar admháil, Foirm B (Tuairisc) agus an t-ábhar meastóireachta maidir le ciste 2027 a chur faoi bhráid taobh istigh d'aon mhí amháin ó chuirtear an clár oibre i gcrích nó faoin 30 Meán Fómhair 2027 ar a dheireanaí ach amháin i ndáil le féilte atá le bheith ar siúl i ndiaidh an dáta sin.
- D'fhéadfadh nach nglacfaí le hábhar a mbítear mall á chur ar fáil nó a bhíonn neamhiomlán agus d'fhéadfadh go gcoinneofaí siar fuílleach na cistíochta. Ní mór don dream a fhaigheann deontas déanamh de réir an ghnáis, mar a leagtar amach i scríbhinn dóibh, maidir leis an deontas a tharraingt anuas. Is féidir deontas a choinneáil siar mura gcloítear lena luaitear thuas.
- Ní mór Comhairle Cathrach na Gaillimh a lua san ábhar poiblíochta, preasa agus margaíochta a chuirtear ar fáil i ndáil leis an saothar nó leis an imeacht agus sin i gcomhréir leis na treoirlínte admhála atá ar fáil ar an láithreán gréasáin againn.
- Ní mór faisnéis airgid a chur ar fáil atá grinn cuibhiúil agus ní foláir buntábhacht a bheith le soiléire, rialachas, luach airgid agus cothroime i ngnáis na heagraíochta maidir le gnóthaí airgeadais. Féadann Comhairle Cathrach na Gaillimhe a iarraidh iniúchóireacht a dhéanamh ar an gcaiteachas nó cigireacht a dhéanamh más gá chun comhlíonadh na gcoinníollacha a ghabhann leis an deontas a ceadaíodh a dheimhniú. Ní mór d'iarratasóirí sonraí nó faisnéis bhreise a chur ar fáil do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe má iarrtar sin.
- Sa chás go bhfaigheann iarratasóir deontas ó ghníomhaireacht/eagraíocht eile arna maoiniú go poiblí, tá ceangailte ar an deontaí, mar choinníoll leis an gcistíocht, dearbhú a thabhairt nach dtarlóidh aon dúbailt cistíochta maidir le haon ghníomhaíocht/tionscadal ar bith.
- Ní mór a chinntiú go mbíonn gach cead nó toiliú a theastaíonn faoin reachtaíocht faighte sula dtosaítear ar aon chuid den mhargaíocht. Tugtar san áireamh leis sin a chinntiú go bhfuil gach cead a bhaineann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus le Maoin Intleachtúil (IP) iarrtha agus seiceáilte i ndáil le híomhánna a úsáid ar mhaithe le cúrsaí margaíochta agus tuairiscithe.

Saoráil Faisnéise:

Tá gach fáilte romhat aiseolas a iarraidh sa chás nach gceadaítear cistíocht maidir le d'iarratas. D'fhéadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a nochtadh mar freagra ar iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Iarrtar ar iarratasóirí a mheas cé acu ar chóir nó nár chóir aon chuid den fhaisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh mar gheall ar a híogaireacht. Más amhlaidh an cás, ba cheart d'iarratasóir, an tráth a mbíonn an fhaisnéis á cur ar fáil, í a thabhairt chun suntais agus na cúiseanna go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a chur in iúl go sonrach. Mura gcuirtear faisnéis dá leithéid in iúl mar fhaisnéis íogair agus mura measann Comhairle Cathrach na Gaillimhe gur faisnéis íogair atá i gceist i ndiaidh í a bhreithniú, d'fhéadfaí faisnéis dá leithéid a nochtadh mar fhreagra ar iarraidh faoi Shaoráil Faisnéise gan dul i gcomhairle arís eile leis na hiarratasóirí. Rachaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhairle le haon iarratasóirí maidir le faisnéis íogair sula ndéantar cinneadh faoi aon iarraidh faoi Shaoráil Faisnéis a fhaightear.

Beidh sonraí faoi na hiarratasóirí a n-éiríonn leo á bhfoilsiú ar an láithreán gréasáin agus ar chainéil meán sóisialta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Chun eolas a chur ar fhorálacha an Achta, féach ar www.foi.gov.ie.

Cosaint Sonraí:

Is i gcomhréir leis an bPolasaí maidir le Cosaint Sonraí a choimeádfar an fhaisnéis phearsanta a fhaightear. Is féidir an fógra maidir le cúrsaí príobháideachais a fháil anseo.

Fiosruithe

Rphost: arts@galwaycity.ie faoin teideal "Fiosrúchán maidir le Deontas d'Eagraíochtaí Ealaíon 2027" i líne an ábhair. Is é an spriocdháta le haghaidh fiosrúcháin a fháil ná **12pm, Dé Máirt an 17 Samhain 2026**.

Cuir isteach d'iarratas faoin spriocdháta 12pm an 19 Samhain 2026.